

FOLÚNTAS

# Príomh-Shaineolaí um Shábháilteacht Mhiocróbach de Shubstaintí de Bhunús an Duine

Aonad: Cláir um Ghalair

Tagairt: ECDC/AD/2020/DPR-PEMSSHO

Iarrtar iarratais ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

## Sainchuntas poist

Tá ECDC ag iarraidh Príomh-Shaineolaí a earcú faoi láthair sa réimse oibre um shábháilteacht mhiocróbach de shubstaintí de bhunús an duine. Cuirfidh ECDC liosta ionadaithe ar bun freisin, a fhéadfar a úsáid le haghaidh folúntas sa réimse seo amach anseo.

Le Treoracha AE maidir le fuil, cealla agus fíocháin, agus orgáin, cruthaítear comhchreataí lena n-áirithítear ardchaighdeáin maidir le substaintí de bhunús an duine (SoHO) a sholáthar, a thástáil, a phróiseáil, a stóráil, a dháileadh agus a iompórtáil/easpórtáil ar fud phobal an Aontais Eorpaigh. Is é ról ECDC sa réimse seo comhairle eolaíoch/measúnú riosca a sholáthar agus córas cumarsáide a fhorbairt/a oibriú ar shaincheisteanna a bhaineann le bagairtí féideartha ó ghalair theagmhálacha a bhaineann le substaintí de bhunús an duine. Comhoibríonn ECDC go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach chun na cúraimí sin a chomhlíonadh.

Beidh sealbhóir an phoist freagrach do Cheann an Chláir um Ghalair, Ionfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha, Víris Fuil-iompartha agus Eitinn. Cuirfear é/í sa Chlár um Ionfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha, Víris Fuil-iompartha agus Galar Eitinne, sa rannóg Ionfhabhtuithe Aeir-Iompartha, Fuil-Iompartha agus Gnéas-Tarchurtha in Aonad an Chláir um Ghalair.

Beidh freagracht air/uirthi as na réimsí oibre seo a leanas go háirithe:

- Comhairle eolaíoch a chur ar fáil a bhaineann le sábháilteacht mhiocróbach d'fhuil agus de chomhábhair fhola, d'fhíocháin agus cealla, agus d'orgáin - substaintí de bhunús an duine (SoHO);
- Forbairt, cur chun feidhme agus oibriú laethúil treorach agus uirlisí le haghaidh gníomhaíochtaí ullmhachta a chomhordú chun sábháilteacht mhiocróbach SoHO a choinneáil;
- Cuidiú le Ballstáit córais a neartú chun tarchur na ngalar tógálach trí SoHO a rialú agus a chosc, lena n-áirítear sonraí a bhailiú, anailís a thuairisciú agus scaipeadh;

